2026/431

23.2.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/431 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Feabhra 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1485 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis [1], agus go háirithe Airteagal 17(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1485.

(2) An 30 Meán Fómhair 2025, d'fhoilsigh urlabhraí an Choimisiúin Eorpaigh ráiteas inar cáineadh an cinneadh a rinne an Rúis tarraingt siar as an gCoinbhinsiún Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc. De réir an ráitis, léiríonn an cinneadh sin neamhaird na Rúise ar chosaint chearta an duine.

(3) Dearbhaíonn an tAontas an athuair go gcáineann sé go géar na sáruithe ar chearta an duine agus an cos ar bolg sa Rúis.

(4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 8 nduine nádúrtha a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2024/1485 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Feabhra 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

[1] IO L, 2024/1485, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1485/oj.

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘65.	Aleksei Vasilyevich VALIZER (Rúisis: Алексей Васильевич ВАЛИЗЕР)	Post: ceann Choilíneacht Phionósach 10 UFSIN in Altai Krai Dáta breithe: 7.9.1982 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Aleksei Valizer ceann Choilíneacht Phionósach 10 UFSIN in Altai Krai. Is príosúnach é Aleksei Gorinov atá á choinneáil sa tsaoráid sin ón 17 Iúil 2025. Gearradh téarma príosúnachta 6 bliana agus 11 mhí ar Aleksei Gorinov as “faisnéis a bhí a fhios aige a bheith bréagach” a scaipeadh go poiblí faoi fhórsaí armtha na Rúise agus ina dhiaidh sin gearradh téarma príosúnachta 3 bliana air as “an sceimhlitheoireacht a chosaint go poiblí”. D’aithin an clár “Tacaíocht Chuimhneacháin do Phríosúnaigh Pholaitiúla” é mar phríosúnach polaitiúil. Agus pianbhreith á comhlíonadh aige sa choilíneacht phionósach, cuireadh Gorinov i ngaibhniú aonair ar an toirt agus fágadh gan cóir leighis é in ainneoin gur aithníodh roimhe seo siomptóim eitinne a bheith air. Cuireadh síneadh leis an bpionós sin go huathfheidhmeach roinnt uaireanta ar chúiseanna áiféiseacha, mar shampla: “gan na lámha a choinneáil taobh thiar den droim” agus “spéaclaí agus litreacha a chur ar an mbord cois leapa”. Tá Valizer, ina cháil mar cheann na coilíneachta pionósaí, freagrach as beartas na saoráide sin i leith Gorinov. Dá bhrí sin, tá Aleksei Valizer freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois.	23.2.2026
66.	Anton Vladimirovich RYCHAR (Rúisis: Антон Владимирович РЫЧАР)	Post: ceann Ionad Coinneála Réamhthrialach 1 UFSIN i Réigiún Féinrialaitheach na nGiúdach Dáta breithe: 9.1.1985 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Anton Rychar ceann Ionad Coinneála Réamhthrialach 1 UFSIN i Réigiún Féinrialaitheach na nGiúdach. Coinníodh Pavel Kushnir, ceoltóir a raibh seasamh frithchogaidh aige, sa tsaoráid sin ó mhí na Bealtaine 2024 go dtí go bhfuair sé bás an 28 Iúil 2025. Cúisíodh é as ‘glaonna chun sceimhlitheoireacht’a sna ráitis a rinne sé i gcoinne údaráis na Rúise. Le linn a phríosúnachta, chuaigh sé ar stailc ocrais thirim a mhair dhá mhí. De réir theistiméireachtaí na bhfinnéithe, chaill sé thart ar 10 gcileagram agus bhí cuma cnámharlaigh air. Dúirt foinsí eile gur thug a chomhphríosúnaigh greadadh do Kushnir agus é faoi choimeád. Lena chois sin, chonaic finné ball gorm ar aghaidh Kushnir. Tá Anton Rychar freagrach as na dálaí príosúnachta Kushnir, as ar eascair a bhás de dheasca cóir leighis neamhleor. Dá bhrí sin, tá Anton Rychar freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois.	23.2.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
67.	Maksim Aleksandrovich PRILEPSKY (Rúisis: Максим Александрович ПРИЛЕПСКИЙ)	Post: ceann Choilíneacht Phionósach 5 UFSIN i Réigiún Oryol Dáta breithe: 30.10.1976 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Maksim Prilepsky ceann Choilíneacht Phionósach 5 UFSIN i Réigiún Oryol. Is príosúnach é Mikhail Kriger atá á choinneáil sa tsaoráid sin. An 17 Bealtaine 2023, gearradh téarma príosúnachta 7 mbliana air ar chúiseanna polaitiúla as “an sceimhlitheoireacht a chosaint go poiblí” agus as “an bpobal a ghríosú chun fuatha agus chun naimhdis ar ghrúpa sóisialta agus foréigean a bhagairt ar an ngrúpa sin”. D’aithin an clár “Tacaíocht Chuimhneacháin do Phríosúnaigh Pholaitiúla” é mar phríosúnach polaitiúil. Agus a phianbhreith á comhlíonadh aige sa choilíneacht phionósach, cuireadh Kriger i ngaibhniú aonair arís agus arís eile lenar ghabh dálaí diana as siocair, a líomhnaítear, gur chuir príosúnaigh eile bagairt air. De réir chosantóirí i réimse chearta an duine agus de réir Kriger féin, áfach, ba chúis áiféiseach é agus ba é cineál polaitiúil a cháis a spreag an leithlisiú. Cuireadh Kriger i ngaibhniú aonair ar feadh tréimhse 90 lá agus ní riabh cead aige cuairteanna gaolta nó litreacha ó thaobh amuigh den choilíneacht phionósach a fháil. Mar thoradh air sin, chuaigh Kriger ar stailc ocrais a mhair 51 lá. Tá Prilepsky, ina cháil mar cheann na coilíneachta pionósaí, freagrach as beartas na saoráide sin i leith Kriger. Dá bhrí sin, tá Maksim Prilepsky freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois.	23.2.2026
68.	Vyacheslav Nikolaevich PISKLOV (Rúisis: Вячеслав Николаевич ПИСКЛОВ)	Post: ceann Choilíneacht Phionósach 9 UFSIN in Altai Krai Dáta breithe: 15.8.1985 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Vyacheslav Pisklov ceann Choilíneacht Phionósach 9 UFSIN in Altai Krai. Is príosúnach í Maria Ponomarenko atá á coinneáil sa tsaoráid sin. An 15 Feabhra 2023, gearradh téarma príosúnachta 6 bliana uirthi ar na cúiseanna go raibh “faisnéis bhréagach” á scaipeadh aici faoi fhórsaí armtha na Rúise. I mí an Mhárta 2025, le linn di a bheith i bpríosún, gearradh téarma príosúnachta 22 mhí bhreise uirthi as foréigean a úsáid, a líomhnaítear, i gcoinne fhoireann an phríosúin. D’aithin an clár “Tacaíocht Chuimhneacháin do Phríosúnaigh Pholaitiúla” í mar phríosúnach polaitiúil. Agus pianbhreith á comhlíonadh aici sa choilíneacht phionósach, tugadh drochíde do Ponomarenko, lena n-áirítear í a chur i ngaibhniú aonair lenar ghabh dálaí diana arís agus arís eile ar chúiseanna áiféiseacha agus í a fhágáil gan cóir leighis. Mar thoradh air sin, mheath a sláinte agus rinne sí trí iarracht féinmharaithe, dhá cheann acu sin sa choilíneacht phionósach. Tá Pisklov, ina cháil mar cheann na coilíneachta pionósaí, freagrach as beartas na saoráide sin i leith Ponomarenko. Dá bhrí sin, tá Vyacheslav Pisklov freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois.	23.2.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
69.	Sergei Vladimirovich FILICHEV (Rúisis: Сергей Владимирович ФИЛИЧЕВ)	Post: breitheamh i gCúirt Dúiche Lomonosovsky i gCathair Pheadair Dáta breithe: 1984 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ina cháil mar ionchúisitheoir i gCúirt Dúiche Lomonosovsky i gCathair Pheadair, d'iarr Sergei Filichev go ngearrfaí téarma príosúnachta dhá bhliain go leith ar Dmitry Nikolaevich Skurikhin, fiontraí agus polaiteoir áitiúil, ar chúiseanna polaitiúla as míchlú, mar dheá, a tharraingt ar fhórsaí armtha na Rúise. Bhí a mheon frithchogaidh agus frithshlógaidh curtha in iúl go poiblí arís agus arís eile ag Skurikhin. Dá bhrí sin, tá Sergei Filichev freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, go háirithe an chirt chun saoirse tuairimíochta agus tuairimí a nochtadh, agus as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach sa Rúis.	23.2.2026
70.	Eva Alexandrovna GIUNTER (Rúisis: Ева Александровна ГЮНТЕР)	Post: breitheamh i gCúirt Dúiche Moskovsky i gCathair Pheadair Dáta breithe: 17.12.1974 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir an phas inmheánaigh: 3299205055 Dáta eisiúna: 24.2.2000	Ina cáil mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Moskovsky i gCathair Pheadair, ghearr Eva Giunter pianbhreith 5 bliana go leith ar Oleg Vasilievich Belousov, baintreach fir ag a bhfuil mac fásta cleithiúnach atá faoi mhíchumas meabhrach, ar chúiseanna polaitiúla as "faisnéis bhréagach" a scaipeadh faoi fhórsaí armtha na Rúise agus as "glaonna poiblí chun antoisceachais". Ina theannta sin, chuir Giunter cuireadh toirmeasc ar Belousov ábhar a phostáil ar líonraí teileachumarsáide, lena n-áirítear an tidirlíon, ar feadh 4 bliana. Gabhadh Oleg Belousov an 28 Meitheamh 2022 as ábhar frithchogaidh a fhoilsiú ar an ardán meán sóisialta VK. Dá bhrí sin, tá Eva Giunter freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, go háirithe an chirt chun saoirse tuairimíochta agus tuairimí a nochtadh, agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Rúis.	23.2.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/431/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
71.	Ilya Alekseevich PLESHKOV (Rúisis: Илья Алексеевич ПЛЕШКОВ)	Post: imscrúdaitheoir sinsearach i gCúirt Dúiche Moskovsky i gCathair Pheadair Dáta breithe: 1993 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ina cháil mar imscrúdaitheoir sinsearach i Roinn Imscrúdaitheach Cheantar Moskovsky i gCathair Pheadair, bhí Ilya Pleshkov i gceannas ar an imscrúdú ar Oleg Belousov, baintreach fir ag a bhfuil mac fásta cleithiúnach atá faoi mhíchumas meabhrach, ar chúiseanna polaitiúla as “faisnéis bhréagach” a scaipeadh faoi fhórsaí armtha na Rúise. Gabhadh Oleg Belousov an 28 Meitheamh 2022 as ábhar frithchogaidh a fhoilsiú ar an ardán meán sóisialta VK. Gearradh téarma príosúnachta 5 bliana go leith ar Belousov agus cuireadh toirmeasc 4 bliana air ábhar a phostáil ar chainéil teileachumarsáide. Dá bhrí sin, tá Ilya Pleshkov freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, go háirithe an chirt chun saoirse tuairimíochta agus tuairimí a nochtadh, agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Rúis.	23.2.2026
72.	Andrey Pavlovich SHIBAKOV (Rúisis: Андрей Павлович ШИбАКОВ)	Post: breitheamh i gCúirt Dúiche Lomonosovsky i réigiún Leningrad, Cathair Pheadair Dáta breithe: 30.12.1969 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir an phas inmheánaigh: 4001793958	Ina cháil mar bhreitheamh i gCúirt Dúiche Lomonosovsky i gCathair Pheadair, ghearr Andrey Shibakov pianbhreith dar fad bliain go leith ar Dmitry Nikolaevich Skurikhin, fiontraí agus polaiteoir áitiúil, ar chúiseanna polaitiúla as “míchlú a tharraingt” ar fhórsaí armtha na Rúise. Bhí a mheon frithchogaidh agus frithshlógaidh curtha in iúl go poiblí arís agus arís eile ag Skurikhin. Dá bhrí sin, tá Andrey Shibakov freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, go háirithe an chirt chun saoirse tuairimíochta agus tuairimí a nochtadh, agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Rúis.	23.2.2026’.